AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 23.11.2011
SEC(2011) 1400 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Clár na hEorpa Cruthaithí**

{COIM(2011) 785 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1399 leagan deireanach}

# 1. RÉAMHRÁ

Tá an doiciméad seo ag gabháil le trí mheasúnú tionchair faoi leith ina ndéantar scrúdú ar na roghanna maidir le tacaíocht chistiúcháin ón AE sa todhchaí le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha (CCS). Déantar príomhchonclúidí na dtrí mheasúnú tionchair a leagan amach ann agus déantar cur síos ar an rogha tosaíochta mar aon leis na meicníochtaí seachadta agus faireacháin ann. Tá sonraí iomlána le fáil sna measúnuithe tionchair ar leith. Is éard a bhaintear de thátal as na measúnuithe tionchair sin go mbainfeadh buntáistí leis an rogha ina lorgófaí sineirgí idir an earnáil chlosamhairc (cláir reatha MEDIA agus MEDIA Mundus) agus na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha (Clár Cultúir reatha) laistigh de chreatchlár na hEorpa Cruthaithí i gcomparáid leis na roghanna eile go léir arna mbreithniú. Faoi mar atá molta i gCreatchlár Airgeadais Ilbhliantúil an Choimisiúin déanfar buiséad EUR 1.6 billiún (praghsanna tairiseacha) a leithdháileadh don chlár le haghaidh na tréimhse seacht mbliana.

Is toradh de phróiseas ullmhúcháin dhá bhliain iad na tuarascálacha measúnaithe tionchair a thosaigh le meastóireachtaí eatramhacha ar na cláir reatha. Agus an gá an seachadadh a fheabhsú agus a shimpliú á chur san áireamh, rinneadh taiscéaladh freisin ar an bhféidearthacht sineirgí níos fearr idir na réimsí éagsúla sin a bhaint amach trí bhíthin cláir a chumasc. Baintear an-leas as torthaí mheastóireachtaí eatramhacha na gclár Cultúir agus MEDIA, agus as na comhairliúcháin ar líne agus as na cruinnithe poiblí maidir le cistiúchán sa todhchaí le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha sna measúnuithe tionchair. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh iontu aiseolas ar Pháipéar Uaine an Choimisiúin *Unlocking the potential of the cultural and creative industries* (An acmhainneacht atá ag tionscail chultúir agus chruthaitheachta a scaoileadh)[1], staidéir neamhspleácha éagsúla arna ndéanamh don Choimisiún le blianta beaga anuas, chomh maith le moltaí a rinne saineolaithe i gcomhthéacs Mhodh Oscailte an Chomhordaithe (MOC) don chultúr agus idirphlé struchtúrtha leis an earnáil thar an tréimhse 2008-2010. Baineadh leas freisin as saineolas seachtrach sna measúnuithe tionchair chun cuidiú le bunú shainmhíniú na faidhbe, ceapadh na gcuspóirí, agus anailís agus comparáid ar na roghanna. Pléadh Dréacht-pháipéir oibre fhoireann an Choimisiúin ar na Measúnuithe Tionchair sna grúpaí idirsheirbhíse Cultúir agus MEDIA faoi seach.

Déantar tacaíocht reatha an AE le haghaidh na n-earnálacha sin a thabhairt trí bhíthin clár faoi leith, eadhon Cultúr, MEDIA (lena n-áirítear an Ciste MEDIA um Ráthaíocht Léiriúcháin ó dheireadh 2010), agus MEDIA Mundus. Ullmhaíodh measúnuithe tionchair faoi leith chun an athleanúint iomchuí ar chistiúchán an AE le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha tar éis 2013 a mheasúnú. Mar gheall ar na comhchosúlachtaí ina gcuspóirí agus ina línte gníomhaíochta, freastalaítear ar an MEDIA agus ar an MEDIA Mundus reatha i measúnú tionchair amháin. Pléitear an Ciste MEDIA um Ráthaíocht Léiriúcháin ar leithligh, ós rud é go raibh measúnú tionchair aonair de dhíth mar gheall ar chastacht an ábhair agus a raon feidhme níos leithne.

---

[1] An Páipéar Uaine *Unlocking the potential of the cultural and creative industries* (An acmhainneacht atá ag tionscail chultúir agus chruthaitheachta a scaoileadh), COIM(2010) 183; Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin, *Analysis of the consultation launched by the Green Paper on 'Unlocking the potential of the cultural and creative industries'* (Anailís ar an gcomhairliúchán arna lainseáil trí bhíthin an Pháipéir Uaine maidir le 'An acmhainneacht atá ag tionscail chultúir agus chruthaitheachta a scaoileadh', SEC(2011) 399 leagan deireanach, 24.03.2011

## 2. BONN CIRT LE hIDIRGHABHÁIL AN AE

Is féidir teacht ar bhonn cirt le hidirghabháil an AE sna réimsí sin sa bhunús dlí agus i mbreisluach an AE atá le fáil.

*Bunús dlí*

Beidh gníomhaíocht an AE i réimse na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha bunaithe ar Airteagal 167 (Cultúr) agus 173 (Tionscal) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Meabhraítear ceart an AE gníomhú in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ina n-aithnítear go gcaithfidh urramú ar éagsúlacht chultúrtha agus teangacha an AE a bheith ag gabháil le fás an mhargaidh inmheánaigh agus an gheilleagair agus in Airteagal 22 de Chairt an AE um Chearta Bunúsacha ina sonraítear go dtabharfaidh an tAontas urramú ar an éagsúlacht chultúrtha agus teangacha. Aithnítear sainordú an Aontais i ndlí idirnáisiúnta, i gCoinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur chun Cinn, ar cuid den *acquis communautaire* é.

*Breisluach an AE*

Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag idirghabháil an AE tionchar córasach a bhaint amach agus tacú le forbairt beartais. Ar an ábhar sin, is mar seo a leanas breisluach Eorpach ionstraim nua an AE chun tacú leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha:

- Saintréithe trasnáisiúnta a ghníomhaíochtaí agus tionchar na n-aschur a gcabhróidh sé lena bhforbairt i gcodarsnacht le scéimeanna cistiúcháin náisiúnta ina ndírítear ar ghníomhaíochtaí náisiúnta de ghnáth;
- An chaoi a gcomhlánóidh sé cláir náisiúnta, cláir idirnáisiúnta agus cláir eile an AE;
- Na barainneachtaí scála agus an mhais chriticiúil is féidir le tacaíocht ón AE a chothú, mar shampla trí thionscadail chomhair thrasnáisiúnta agus chomhshaoráid airgeadais le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i gcodarsnacht le scéimeanna náisiúnta scoilte lena mbaineann cumhdach neamhiomlán;
- An éifeacht ghiarála ar chistí breise;
- An chaoi inar féidir leis éifeachtaí córasacha fadtéarma san earnáil a dhreasú agus a spreagadh d'fhonn na dúshláin dhomhanda a oiriúnú ar bhonn níos sciobtha.

## 3. FEIDHMÍOCHT NA gCLÁR REATHA

Léirítear sa mheastóireacht ar chláir reatha an AE le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha[2] gur thug siad cúnamh an earnáil a neartú agus cúrsaíocht gairmithe agus saothar ealaíne a chur chun cinn, agus rannchuidiú láidir arna chur leis an éagsúlacht chultúrtha agus teangacha.

I gcás an **Chláir Chultúir**, lena mbaineann meánbhuiséad beag bliantúil dar luach EUR 57 milliún – coibhéiseach le buiséid bhliantúla an-chuid áras/cuideachtaí ceoldrámaíochta

[2] http://ec.europa.eu/dgs/education_culture/evalreports/index_en.htm

náisiúnta aonair[3] – tá caiteachas an AE thar a bheith éifeachtúil ó thaobh costais de. Baineadh de thátal as an measúnú go gcuidíonn an caiteachas sin leis na mílte ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha – tuairim agus 20,000 in aghaidh na bliana – gairmeacha beatha idirnáisiúnta a fhorbairt trína gcuid scileanna agus a bhfios gnó a fheabhsú trí phiarfhoghlaim neamhfhoirmiúil, agus trí shlite gairmiúla nua a chruthú. Tá na mílte eagraíochtaí cultúrtha curtha ar fáil aige – breis agus 1,000 eagraíocht in aghaidh na bliana – agus féidearthacht ann dóibh oibriú le chéile thar theorainneacha d'fhonn foghlaim ó dhea-chleachtas trí chomhpháirtíochtaí le hoibreoirí ó thíortha eile. Leis an gcaiteachas sin, cuireadh ar chumas oibreoirí comhtháirgeadh agus líonrú a dhéanamh agus deiseanna gairmiúla nua a aimsiú, agus chun blas níos idirnáisiúnta a chur ar a gcuid oibre agus ar a ndearcadh. Bhí éifeacht dheimhneach struchtúraithe i gceist leis sin ar an earnáil agus ar a cumas freastal ar mhargaí níos leithne. Ba cúnamh é d'fhorbairt earnálacha agus foirmeacha ealaíne, do chruthú saothar nua agus do thaibhithe, chuir sé rochtain agus rannpháirtíocht, taighde agus oideachas sa réimse chun cinn mar aon le faisnéis, comhairle agus tacaíocht phraiticiúil.

Bhíothas ábalta na mílte saothar a chur ag taisteal, lena n-áirítear ábhar 500 saothar litríochta aistrithe in aghaidh na bliana. Braitear gur lipéad cáilíochta do thionscadail chultúrtha í tacaíocht an chláir. Trí bhíthin ghníomhaíochtaí na dtionscadal, aimsíodh na milliúin saoránach go díreach agus go neamhdhíreach le gur féidir leo taitneamh a bhaint as saothair chultúrtha ó thíortha eile. Chuir an Clár freisin le forbairt ar bhunús fianaise níos fearr do beartas trí staidéir a chuir le hobair Mhodh Oscailte an Chomhordaithe (MOC). Ós rud é go ndéantar tionscadail a chómhaoiniú, ar bhonn uasráta 50% den chuid is mó, rinne an Clár méid suntasach d'infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach a ghiaráil.

I gcásanna áirithe bíonn éifeacht ghiarála faoi ocht ag Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a fhaigheann teideal AE agus cistiú ón gClár (EUR 1.5 milliún in aghaidh na Príomhchathrach) ar ioncam arna ghiniúint, rud a spreag infheistíocht arbh fhiú idir EUR 15 agus EUR 100 milliún ina gcláir oibriúcháin agus a d'fheidhmigh mar chatalaíoch le haghaidh infheistíochta caipitil breise. Trí bhíthin na gclár, chuathas i gcion ar na milliúin daoine de ghnáth, bhí na céadta daoine rannpháirteach mar shaorálaithe agus cothaíodh oidhreacht fhadtéarma sna cathracha i dtéarmaí scileanna feabhsaithe, cumais chultúrtha agus beogachta, bonneagair agus íomhá.

Maidir leis na **Cláir MEDIA**, gan ach buiséad bliantúil beag go leor arbh fhiú tuairim agus EUR 100 milliún acu, dearbhaítear sa mheasúnú gur tháirg MEDIA torthaí suntasacha a bhuíochas le gníomhaíochtaí dírithe trínar barrfheabhsaíodh an cóimheas costais is tairbhe agus giaráil an chláir. Díríodh gníomhartha ar ghníomhaíochtaí lenar bhain tionchar deimhneach maidir le hiomaíochas an AE agus maidir le riachtanais nach ndéantar freastal orthu ar leibhéal náisiúnta, m.sh. dáileadh trasnáisiúnta. A bhuíochas i bpáirt ar a laghad le tacaíocht MEDIA, tháinig méadú ar chion na scannán Eorpach i measc na scannán a taispeánadh den chéad uair i bpictiúrlanna Eorpacha ó 36% in 1989 go 54% in 2009. Trí ghréasán Europa Cinema, a chuimsíonn breis agus 2,000 scáileán i bpictiúrlanna atá neamhspleách den chuid is mó ar fud 32 tír, lena mbaineann 20% de scáileán na chéad taispeána san Eoraip, cuirtear raon leathan agus éagsúil scannán ar fáil, ag cur na héagsúlachta cultúrtha chun cinn dá réir sin in 475 cathair. Mar gheall ar a gclárú ar ard-chaighdeán, díoladh 59 milliún ticéad (i gcomparáid le 30 milliún in 2000), figiúr atá comhionann le 5.6%

[3] Chun é sin a thuiscint i gcomhthéacs, tá an EUR 57 milliún sin i bhfad níos ísle ná leibhéal cistiúcháin phoiblí náisiúnta na n-ealaíon agus an chultúir sa UK, FR, DE (£ 590 milliún, EUR 7.5 billiún, EUR 1.1 billiún faoi seach).

de líon iomlán na dticéad a díoladh san Eoraip (2.8% in 2000). Is ionann cion na ndíolachán arna giniúint ag scannáin Eorpacha neamhnáisiúnta arna gclárú sa ghréasán agus 36%, i gcomparáid le 7-8% san Eoraip ar an meán. Is ionann scannáin Eorpacha agus 57% de thicéid do thaispeántais ar scáileán Europa Cinema, i gcomparáid le 27.7% ar an meán san Eoraip.

De réir thorthaí na meastóireachta, neartaíonn iomaíochas na hearnála le MEDIA trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainne ar nós na hoiliúna agus na forbartha a bhíonn ina cúnamh chun earnáil a ghairmiúlú agus cáilíocht na saothar a fheabhsú. Tugtar oiliúint do 1,800 gairmí (léiritheoirí, dáilitheoirí, scríbhneoirí scripte) ar bhonn bliantúil, rud a chuireann ar a gcumas cáilíochtaí agus scileanna ábhartha a fháil agus tairbhe a bhaint as deiseanna líonraithe trasteorann. Mar thoradh ar an tacaíocht forbartha, is féidir 400 tionscadal Eorpacha ar ard-chaighdeán a thabhairt chun an mhargaidh in aghaidh na bliana. Leis an tacaíocht do phunann tionscadal (cistiú iltionscadal) seachas tacaíocht do thionscadal aonair amháin – soláthraítear daingne airgeadais agus dearcadh ar bhonn téarma níos faide do chuideachtaí léiriúcháin (is fiontair bheaga agus mheánmhéide thearc-chaipitlithe iad go minic), lena mbaineann éifeachtaí struchtúraithe tábhachtacha ar an tionscal.

Tá sé cruthaithe go bhfuil tacaíocht do léiritheoirí neamhspleácha seánraí sonracha de shaothair chlosamhairc a léiriú ar nós clár faisnéise agus beochan le haghaidh dáileachán teilifíse idirnáisiúnta ríthábhachtach mar gheall ar na sainriachtanais arna sainaithint sna seánraí sin. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí líonraithe ar nós fóram comhléiriúcháin, tionscnamh i leith an mhargaidh idirnáisiúnta agus tionscnamh oiliúna, tháinig méadú suntasach ar chomhléiriúcháin thrasnáisiúnta (ó 26% de scannáin Eorpacha in 1989 go 34% in 2009). Bíonn acmhainneacht chúrsaíochta atá 2.3 uair níos mó ag na scannáin sin ná scannáin náisiúnta[4]. Tá líonraí ar nós EAVE, ACE agus Cartoon, arna gcruthú le tacaíocht ó MEDIA, ina gcnámh droma thionscal cineama na hEorpa.

Ní dhearnadh aon mheastóireacht ar Chiste MEDIA um Ráthaíocht Léiriúcháin[5] go fóill, ós rud é nár seoladh é go dtí 2010. Osclaíodh an Ciste d'iarratais i mBealtaine 2011 agus tá glactha go fonnmhar leis ag an tionscal scannánaíochta agus ag na bainc, as a dtáinig breis agus dosaen ráthaíocht lena mbaineann luach iasachta dar luach tuairim agus EUR 15 mhilliún i dtuairim agus deich mballstát éagsúla.

## 4. TUAIRISC AR AN bhFADHB

Tagraítear sna measúnuithe tionchair don Tuarascáil um Iomaíochas san Eoraip 2010[6] agus aithnítear iontu tábhacht mhéadaitheach na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha (CCS) maidir le rannchuidiú le fás eacnamaíoch, cruthú post agus comhtháthú agus cuimsiú sóisialta a neartú. Meastar gurbh ionann na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha agus tuairim agus 4.5% de OTI an Aontais in 2008 agus tá tuairim agus 3.8% den lucht saothair fostaithe

4 Foinse: An Fhaireachlann Eorpach um Chlosamharc, 2008.

5 Éascaíonn an Ciste MEDIA um Ráthaíocht Léiriúcháin rochtain ar fhoinsí príobháideacha airgeadais do léiritheoirí scannáin amháin trí mheicníocht ráthaíochta a spreagann bainc le creidmheas a bhronnadh orthu tríd an riosca lena mbaineann a chomhroinnt. Agus buiséad iomlán EUR 8 milliún i gceist thar thréimhse ceithre bliana, táthar ag súil go ndéanfaidh an ciste breis agus EUR 100 milliún a ghiniúint i gcreidmheas bainc, a bhuíochas le héifeacht ghiarála mheicníocht na ráthaíochta.

6 Tuarascáil um Iomaíochas san Eoraip 2010, Doiciméad oibre fhoireann an Choimisiúin, COIM (2010), 614

iontu.[7] Anuas ar an rannchuidiú díreach a dhéanann siad maidir leis an OTI, spreagann na hearnálacha sin iarmhairtí i réimsí eacnamaíocha agus sóisialta eile ar nós na turasóireachta, agus cruthaíonn siad inneachar le haghaidh TFC, tairbhí le haghaidh oideachais, cuimsithe sóisialta agus nuála sóisialta. Mar sin féin in ainneoin rátaí fáis níos airde ná an meán in go leor tíortha le blianta beaga anuas, tá fadhbanna coiteanna éagsúla os comhair na n-earnálacha sin, agus tá féidearthacht do bhreis fáis sa todhchaí má leantar cur chuige straitéiseach comhchuibhithe agus má chuirtear na cumasóirí cearta i bhfeidhm ar leibhéal an AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

D'ainneoin éachtaí na gClár Cultúir agus MEDIA, is gá tuilleadh a dhéanamh chun acmhainneacht iomlán na n-earnálacha sin, lena mbaineann fadhbanna comhchosúla, a fhuascailt.

Sainaithnítear sna measúnuithe tionchair le haghaidh Cultúir agus MEDIA **ceithre fhadhb chomónta** atá ag na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an AE d'fhonn na hiarmhairtí inmhianaithe a bhaint amach. Is é an chéad cheann an **margadh ilroinnte** a eascraíonn ó éagsúlacht chultúrtha agus teangacha na hEorpa, toisc go bhfuil na hearnálacha seo ilroinnte go bunúsach feadh línte náisiúnta agus teangacha agus go bhfuil easpa maise criticiúla acu dá bharr. Faoi láthair tarlaíonn cúrsaíocht thrasnáisiúnta saothar agus soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe nach barrmhaith mar gheall air, chomh maith le héagothromaíochtaí geografacha. Cuireann sé srian freisin le rogha tomhaltóirí agus le rochtain ar shaothair chultúrtha Eorpacha. Is é an dara fadhb an gá do na hearnálacha oiriúnú do **thionchar an domhandaithe agus an aistrithe dhigitigh**. Tá sé de nós ag domhandú díriú soláthair a mhéadú i measc líon teoranta mórghníomhairí, ag bagairt ar éagsúlacht chultúrtha agus teangacha. Tá tionchar ollmhór ag an aistriú digiteach ar an gcaoi a ndéantar earraí cultúrtha, a mbainistítear iad, a scaiptear iad, a mbíonn rochtain orthu, a n-úsáidtear iad agus a gcuirtear luach airgid orthu, ag cruthú deiseanna agus dúshlán araon, agus bhainfeadh an earnáil tairbhe as cineálacha cur chuige trasnáisiúnta agus as réitigh thrasnáisiúnta. Is é an tríú fadhb an **easpa sonraí inchomparáide** faoin earnáil chultúrtha ar leibhéil Eorpacha agus náisiúnta. Tá iarmhairtí aige seo do chomhordú beartais Eorpach, ar spreagthóir úsáideach é amanna d'fhorbairt beartais náisiúnta agus d'athrú córasach ar chostas íseal do bhuiséad an AE agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta. Is é an ceathrú fadhb na **deacrachtaí atá os comhair FBManna cultúrtha agus cruthaitheacha ó thaobh rochtain a fháil ar mhaoiniú.** Tarlaíonn sé seo i ngeall ar chomh doláimhsithe atá go leor dá gcuid sócmhainní, amhail cóipcheart, nach léirítear de ghnáth sna cuntais (murab ionann agus paitinní). Tarlaíonn sé freisin mar gheall, murab ionann agus tionscadail thionsclaíocha eile, nach n-olltáirgtear saothair chultúrtha de ghnáth, agus gur fréamhshamhail uathúil gach leabhar, ceoldráma, dráma amharclainne, scannán agus físchluiche agus go mbíonn cuideachtaí bunaithe ar thionscadal de ghnáth.

## 5. CUSPÓIRÍ AN CHLÁIR SA TODHCHAÍ

Mar fhreagairt ar na fadhbanna arna sainaithint i roinn 3, sainaithnítear sna measúnuithe tionchair na riachtanais ar cheart díriú orthu ar leibhéal an AE, agus ar féidir freastal orthu trí bhíthin cuspóirí ginearálta agus sonracha comhionanna. I dtéarmaí na **gcuspóirí ginearálta**, is gá cosaint agus cur chun cinn éagsúlacht chultúrtha agus teangacha na hEorpa a chothú, agus

[7] Building a Digital Economy: The importance of saving jobs in the EU's creative industries, TERA Consultants, Márta 2010.

iomaíochas na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a neartú d'fhonn fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn de réir na straitéise Eoraip 2020. I dtéarmaí na **gcuspóirí sonracha**, is gá cumas na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha feidhmiú go trasnáisiúnta a neartú; cúrsaíocht thrasnáisiúnta saothar cultúrtha agus cruthaitheach agus oibreoirí cultúrtha agus chruthaitheacha a chur chun cinn agus luchtanna féachana nua san Eoraip agus lastall a aimsiú; cumas airgeadais na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a neartú; comhar beartais trasnáisiúnta a neartú d'fhonn forbairt beartais, nuáil, forbairt lucht féachana agus samhlacha gnó nua a chothú. Leagtar amach **tosaíochtaí** na Sraitheanna MEDIA agus Cultúir agus Shaoráid Airgeadais na hEarnála Cultúrtha agus Cruthaithí ina measúnuithe tionchair faoi seach.

## 6. ROGHANNA

Maidir leis na cláir Chultúir, MEDIA, agus MEDIA Mundus, rinneadh gach rogha arna mholadh ag páirtithe leasmhara, saineolaithe seachtracha, institiúidí, srl a bhailiú agus a scagadh. Cuireadh as an áireamh an rogha inar moladh "Na Cláir Chultúir, MEDIA agus MEDIA Mundus a Chumasc" i gclár idirdhisciplíneach aonair chun na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a chumhdach ina n-iomlán trí chomhghlaonna ar thograí ar an mbonn go bhfuil na hearnálacha cultúrtha éagsúla ró-ilchineálach, d'ainneoin go bhfuil an-chuid cosúlachtaí i gceist leo, na fadhbanna atá os a gcomhair san áireamh, go bhfuil na hearnálacha cultúrtha éagsúla siúd, na slabhraí luach agus riachtanais na dtairbhithe ró-ilchineálach le haghaidh glaonna agus ionstraimí comhchuibhithe.

Déantar anailís i measúnuithe tionchair na gClár Cultúir agus MEDIA/MEDIA Mundus ar roghanna éagsúla chun na cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear neamhleanúnachas na gclár, na cláir reatha a chothabháil (an "bhonnlíne"), cláir a ndéanfaí iad a leasú go suntasach, agus cumasc trína gcruthófaí creatchlár, agus difreáil ann idir na hearnálacha cultúir agus closamhairc, trínar féidir freastal ar riachtanais na bhfo-earnálacha éagsúla ar bhonn níos iomchuí ná cumasc iomlán.

San áireamh le sainiú na roghanna maidir le saoráid airgeadais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha bhí imscrúdú ar acmhainneacht na gcineálacha éagsúla meicníochtaí, ós rud é go mbraitheann an cineál cistiúcháin is iomchuí le haghaidh fiontar beag agus meánmhéide ar roinnt fachtóirí; m.sh. cineál na bhFiontar Beag agus Meánmhéide atá i gceist, infhaighteacht fiachais nó airgeadais chothromais, costas an chaipitil nó toilteanas an gnó a chomhroinnt le hinfheisteoirí eile. Bhí páirtithe leasmhara, saineolaithe, gairmithe agus institiúidí airgeadais éagsúla rannpháirteach sa chleachtas freisin.

Ar bhonn na gcomhairliúchán fairsing agus na hanailíse ar na roghanna maidir le saoráid airgeadais neamhspleách a chruthú, cuireadh as an áireamh saoráid airgeadais chothromais a chruthú agus saoráid mhicreamhaoinithe agus mhicrithionscadal a chruthú. Beartaíodh go raibh sé níos iomchuí agus níos éifeachtaí díriú ar ionstraim fiachais a bheadh suite laistigh d'ionstraim thras-bheartais níos mó agus ar chlár ullmhachta infheistíochta le haghaidh infheisteoirí príobháideacha agus gairmithe na hearnála cultúrtha agus cruthaithí a bheadh á bhainistiú ag an CEI agus/nó ag an gCoimisiún é féin.

Breithnítear trí rogha i measúnú tionchair na saoráide airgeadais seo, eadhon 'Athrú ar bith' (an bhonnlíne), 'Gníomhaíocht ar bith' (an rogha 'gan saoráid airgeadais'), agus tríú rogha lena mbaineann 'Saoráid Ráthaíochta don Earnáil Chultúrtha agus Chruthaitheach a Chur ar Bun'. Ina theannta sin, déantar rogha a trí a roinnt a thuilleadh ina dhá fho-rogha; a) ionstraim

ráthaíochta chaidhpeáilte nó b) ionstraim ráthaíochta neamhchaidhpeáilte. Sa Mheasúnú Tionchair, déantar anailís agus comparáid ar na fo-roghanna agus is é an tátal a baineadh de go mbeadh fo-rogha a) níos féideartha agus éifeachtúla. Ina theannta sin, baintear de thátal as an Measúnú Tionchair gur cheart fo-rogha a) a chorprú laistigh den chreat de shaoráid airgeadais níos mó (ar dhócha í a bheith á bainistiú ag ceachtar d'Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Forbartha Teicneolaíche nó d'Ard-Stiúrthóireacht na Fiontraíochta agus na Tionsclaíochta), ar an gcoinníoll go ndéantar critéir áirithe a chomhlíonadh.

## 7. ANAILÍS AR NA TIONCHAIR

Cuirtear forbhreathnú mionsonraithe ar na roghanna a breithníodh agus ar an gcomparáid eatarthu ar fáil sna measúnuithe tionchair ar leith. Maidir leis na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, baineadh de thátal as na measúnuithe tionchair ar na Sraitheanna MEDIA agus Cultúir nach mbeadh na roghanna neamhleanúnachais nó bonnlíne inmhianaithe, ós rud é nach gcuirfidís le fócas imleor chun freastal ar na fadhbanna reatha atá os comhair na n-earnálacha, ná le baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach i straitéis 2020 an AE. Breithníodh i measúnú tionchair CCSFI gur féidir an tionchar is mó a bhaint amach trí bhíthin na rogha 'Saoráid Ráthaíochta don Earnáil Chultúrtha agus Chruthaitheach a Chur ar Bun'.

I dtéarmaí na **dtionchar eacnamaíoch** baineadh de thátal as na measúnuithe go mbeidh sé mar aidhm i gclár na hEorpa Cruthaithí oiriúnú na hearnála don domhandú agus don aistriú digiteach a neartú, lena n-áireofar cúnamh maidir le cothú lucht féachana, samhlacha gnó agus sruthanna ioncaim nua a fhorbairt, agus go spreagfaidh sé cúrsaíocht thrasnáisiúnta de shaothair chultúrtha (saothair chlosamhairc san áireamh), agus go bhfeabhsóidh sé cumas na hearnála feidhmiú go hidirnáisiúnta, ag rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus le fostaíocht agus le hacmhainneacht iomaíoch fhoriomlán na hearnála. Ní bheadh mórán difear ar na tionchair eacnamaíocha idir rogha an chláir leasaithe agus rogha an chumaisc.

Maidir leis na tionchair shóisialta baineadh de thátal as na measúnuithe go ndéanfaidh an clár tairbhí fostaíochta a chur ar fáil, trí bhíthin chumas na n-earnálacha a neartú agus trí thacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena ndul in oiriúint don aistriú digiteach. Bheifí ag súil le méadú ar éileamh tomhaltóirí trí fhócas níos láidre ar bhearta forbartha lucht féachana i rogha an chláir leasaithe agus rogha an chumaisc. Ní amháin go mbeadh tionchar aige sin ar acmhainneacht ioncaim na hearnála, ach bheadh tairbhí oideachais leis agus dhéanfaí teagmháil leo siúd atá eisiata go sóisialta. Bheadh na tionchair níos mó faoi rogha an chumaisc (rogha 4) ná faoi rogha an chláir leasaithe (rogha 3).

Maidir leis na **tionchair ar an gcomhshaol**, tugtar faoi deara go dtarlódh go mbainfeadh roinnt tionchar le soghluaisteacht, iompar agus próisis léiriúcháin. Tugtar faoi deara, áfach, nach mbeadh na héifeachtaí sin níos mó ná mar atá siad faoi láthair agus d'fhéadfaidís a bheith beag go leor. D'fhéadfaí na héifeachtaí sin a fhrithchothromú trí bhíthin na béime a chuirfeadh an clár ar oiriúnú go haistriú digiteach, ionas go bhféadfaí rochtain a fháil ar luchtanna féachana níos mó gan taisteal fisiciúil. Anseo fosta, d'fhéadfaí an tionchar dearfach is buntáistí a bhaint amach faoin gclár cumaiscthe.

Maidir le **cearta bunúsacha**, ciallaíonn an fócas follasach sa chuspóir ginearálta chun cosaint agus cur chun cinn na héagsúlachta cultúrtha agus teangacha a chothú go ndéanfaidh an clár rannchuidiú díreach.

## 8. NA ROGHANNA A CHUR I gCOMPARÁID

*8.1 Na roghanna a chur i gcomparáid*

Tá comparáid idir na roghanna arna gcur i láthair sna measúnuithe tionchair bunaithe ar anailís ilchritéir, lena n-áirítear na critéir seo a leanas: an éifeachtacht ó thaobh bhaint amach na gcuspóirí de, éifeachtúlacht, éifeachtúlacht costais (an tionchar in aghaidh an Euro arna chaitheamh), agus comhchuibheas. Faoi chomhchuibheas, rinneadh measúnú ar an gcomhchuibheas idir an rogha agus na cuspóirí ar gá iad a bhaint amach (inmheánach) agus ar an gcomhchuibheas atá ábhartha agus bainteach le beartais agus le straitéisí an AE (seachtracha).

Maidir le héifeachtúlacht costais, toimhdítear go mbeadh creatchlár níos éifeachtúla ó thaobh costais de ós rud é go mbeadh na sraitheanna cláir agus saoráid airgeadais na hearnála cultúrtha agus cruthaithí níos soiléire agus níos dírithe ó thaobh torthaí dírithe de, as a dtiocfadh tionchar sistéamach agus struchtúraithe níos mó, lena n-áirítear trí ionstraimí a chuíchóiriú, a chuirfeadh laghdú ar chostais riaracháin in aghaidh an euro arna chaitheamh.

*8.2 An rogha tosaíochta atá sainaitheanta*

San anailís bhreise ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht, léiríodh go soiléir go bhféadfadh tairbhí tábhachtacha a bheith ag creatchlár cumaiscthe. Is é an tátal a bhaintear as na measúnuithe tionchair go mbeadh roinnt buntáistí i gceist le **creatchlár aonair** nach mbeadh i gceist leis na roghanna eile. I dtús báire is féidir leis sineirgí beartais níos mó a chruthú ós rud é go mbreithnítear na hearnálacha cultúrtha éagsúla ar bhonn comhchoiteann i gcomhthéacs plé beartais níos leithne maidir leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear a rannchuidiú leis an straitéis Eoraip 2020. Ina theannta sin, bheadh sé níos éasca **aistriú eolais agus crostoirchiú** idir na hearnálacha a bhaint amach i gclár aonair. Is é an tríú buntáiste gur féidir leis rannchuidiú le **simpliú bhainistíocht** na gclár sin. Ligfeadh sé, mar shampla, do bhunú pointí faisnéise/rochtana aonair, lena ndéanfaí dá réir sin infheictheacht a fheabhsú, rochtain na saoránach ar fhaisnéis maidir le cistiú AE a éascú, agus cúnamh a thabhairt an tseirbhís fhéideartha is fearr d’oibreoirí a áirithiú. Is é an ceathrú ceann de na **simplithe** sin go mbeadh laghdú éigin ar an **ualach riaracháin** le haghaidh an Choimisiúin agus na mBallstát. Déanfar na meicníochtaí seachadta a shimpliú trí úsáid mhéadaithe a bhaint as rátaí comhréidhe, cinntí deontais agus comhaontuithe comhpháirtíochta creata, iarratais leictreonacha agus tuairisciú leictreonach, agus tairseach leictreonach d’fhonn páipéarachas a laghdú d’iarratasóirí agus do thairbhithe. Ar an dóigh chéanna, bheadh roinnt **coigiltis trí bharainneachtaí scála** i réimsí leathana indéanta mar gheall ar an tsraith thrasnaí. Is é an cúigiú buntáiste go bhféadfaí **Saoráid Airgeadais idirdhisciplíneach don Earnáil Chultúrtha agus Chruthaitheach** a chur san áireamh laistigh den chlár aonair seo d’fhonn rochtain ar chistiúchán (príobháideach) a mhéadú.

## 9. TUAIRISC AR AN ROGHA TOSAÍOCHTA

Moltar sna measúnuithe tionchair maidir le Cultúr agus MEDIA go leanfaí ar aghaidh le maoiniú an AE le haghaidh earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, mar sin féin, táthar den tuairim go mbeadh tacaíocht AE le haghaidh na n-earnálacha cultúrtha níos éifeachtaí dá ndéanfaí í a athdhearadh, trí bhíthin thabhairt le chéile na gclár éagsúil faoi chreatchlár aonair faoin teideal *Creative Europe* (An Eoraip Chruthaitheach).

Bheadh an rogha tosaíochta sin ar an gceann is comhtháite agus is cost-éifeachtúla a dhéanfadh freagairt don aitheantas méadaithe ar leibhéal an AE ar thábhacht na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha. I measc na roghanna a breithníodh, bheadh an rogha sin ar an mbunús is fearr le haghaidh comhstraitéise AE chun aird a dhíriú ar na dúshláin atá os comhair na n-earnálacha sin faoi láthair agus tacaíocht AE a dhíriú ar na bearta sin lena gcuirtear breisluach AE ar fáil trí bhíthin cúnamh a thabhairt do na hearnálacha a n-acmhainneacht maidir le fás eacnamaíoch, cruthú poist agus cuimsiú sóisialta a bharrfheabhsú.

Bheadh creatchlár "na hEorpa Cruthaithí" nasctha go soiléir leis an Straitéis Eoraip 2020 agus é mar aidhm rannchuidiú na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha do na cuspóirí lena mbaineann a bharrfheabhsú. Tá an togra i gcomhréir le Cumarsáid an Choimisiúin maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil arna ghlacadh an 29 Meitheamh 2011 ("Buiséad don Eoraip 2020"), inar léiríodh go saothrófaí sineirgí i gcláir an Aontais Eorpaigh maidir le cultúr agus ba cheart maoiniú an AE a dhíriú ar réimsí ina ndéantar breisluach AE ard a sholáthar. Moltar ann suim dar luach EUR 1.6 billiún a leithdháileadh don chláir le haghaidh na tréimhse seacht mbliana.

Chuimseodh an clár trí shraith, lena n-áireodh saoráid airgeadais nua i gceann amháin acu. Bheadh dhá cheann de na sraitheanna ina gcomharbaí ar na cláir reatha Chultúir agus MEDIA/MEDIA Mundus, agus an dara ceann dírithe ar an earnáil chlosamhairc agus an tsraith Chultúir dírithe ar na hearnálacha cultúrtha eile go léir. Ina theannta sin, bheadh sraith thras-earnála ann, a thacódh le gnéithe leathana ar nós forbartha beartais, treoraithe, cultúrtha agus litearthachta meán, agus na bpointí faisnéise. Déantar freastal air sin laistigh de mheasúnuithe tionchair le haghaidh Cultúir agus MEDIA. D'éascódh an tsaoráid airgeadais nua rochtain na bhfiontar beag agus meánmhéide cultúrtha agus cruthaitheach ar airgeadas trí chosaint ar riosca creidmheasa a chur ar fáil d'idirghabhálaithe airgeadais a bhfuil punann iasachtaí á forbairt acu, agus an fhorbairt acmhainne/saineolais riachtanach a chur ar fáil dóibh chun na rioscaí ábhartha a anailísiú i gceart.

Leanfar ar aghaidh le bainistiú thromlach na ndeontas faoi na sraitheanna Cultúir agus MEDIA trí bhíthin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA) trí ghlaonna bliantúla ar thograí arna bhfoilsiú i dTreoir Chláir chobhsaí. Faoi mar a dearbhaíodh i meastóireachtaí éagsúla, is modh bainistíochta cost-éifeachtúil é sin le haghaidh tionscadal trasteorann. Leanfar d'fhaisnéise agus de chomhairle maidir le hiarratas a chur isteach faoin gclár a sholáthar trí líonra pointí faisnéise (na Pointí Teagmhála Cultúir reatha agus na Deasca MEDIA). Ní dhéanfaidh siad cistí a athdháileadh. Faoi mar atá luaite thuas, déanfar coigilteas a chothú trí phointí faisnéise cumaiscthe i leith an chláir iomláin a mholadh. Leanfar ar aghaidh lena gcómhaoinú de réir ráta uasta 50% agus an chuid eile á cómhaoiniú ag na Ballstáit. Déanfar na simplithe éagsúla arna dtabhairt isteach faoi na cláir reatha a leanúint agus lorgófar tuilleadh simplithe.

Déanfar bainistíocht ar shaoráid airgeadais na hearnála cultúrtha agus cruthaithí a thabhairt mar údarás d'institiúid airgeadais tríú páirtí, an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) is cosúil, mar gheall ar nádúr an tsaineolais atá riachtanach le haghaidh ionstraim dá leithéid a reáchtáil, cé gur dhócha go mbeadh an bhainistíocht ó thaobh an Choimisiúin faoi stiúir Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir, ach i ndlúth-chomhar le ranna eile an Choimisiúin, lena n-áirítear Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais.

## 10. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Beidh an faireachán agus an mheastóireacht ina **ngnéithe lárnacha** de chlár don todhchaí ina gcuirfear béim ar fheidhmíocht agus ar bhreisluach an AE. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht rialta ar fheidhmíocht agus ar thorthaí i gcoinne na gcuspóirí.

Maidir le faireachán, déanfar tuarascáil bhliantúil gníomhaíochta a fhoilsiú lena n-áireofaí staitisticí agus measúnú cáilíochtúil araon.

De bhreis ar an bhfaireachán leanúnach, eagróidh an Coimisiún meastóireachtaí seachtracha neamhspleácha rialta maidir leis na sraitheanna agus leis an tsaoráid airgeadais d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chláir a mheasúnú. Rannchuideoidh na meastóireachtaí freisin le measúnú a dhéanamh ar bhreisluach an chláir don AE agus ar an méid a rannchuideoidh sé le baint amach na gcuspóirí sonracha agus ginearálta.

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún meastóireacht eatramhach aonair a úsáid, a bheadh ina meastóireacht chríochnaitheach ar an gclár roimhe seo. Ionas gur féidir torthaí na meastóireachta eatramhaí a thabhairt san áireamh le haghaidh cinntí maidir leis an gclár comharba sa todhchaí a athnuachan, a oiriúnú nó a chur as úsáid, ba cheart go ndéanfar í roimh dheireadh 2017.

Ba cheart do chomhlachtaí neamhchlaonta neamhspleácha gach meastóireacht sheachtrach a dhéanamh. Bheadh sé riachtanach an cur chuige modheolaíoch i leith na meastóireachta a chinneadh ag an am agus ag féachaint do threoir chomhaimseartha an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá na táscairí feidhmíochta táscacha a bhaineann le cuspóirí ginearálta agus sainiúla le fáil i dtuarascálacha ar mheasúnuithe tionchair aonair de chomhpháirteanna chlár na hEorpa Cruthaithí.